Sonraí faoi ioncam na Roinne Coimirce Sóisialaí duine nach páirtí san larratas ar Dheontas

Cuid A. (Le comhlánú ag Duine nach Páirtí san larratas agus ag an larratasóir)

Ainm an larratasóra	
Uimhir W an larratasóra	
UPSP an larratasóra	

Ainm an Duine (a bhfuil a íocaíocht le breithniú)	
UPSP an Duine	
Dáta Breithe an Duine	
Seoladh an Duine	

Nóta don duine a bhfuil a ioncam le breithniú

Bainfear úsáid as d'fhaisnéis chun incháilitheacht do ráta speisialta an deontais a fhíorú trí dheimhniú cibé an raibh íocaíocht ráta speisialta á fáil agat (mar atá liostaithe faoi Sceideal 2 den Scéim Deontais do Mhic Léinn 2021) agus cibé an raibh an íocaíocht sin á coimeád agat an 31.12.20. Ní áireofar aon ioncam a gheobhaidh tú ón RCS mar ioncam ináirithe faoin Scéim Deontais do Mhic Léinn 2021. Fíoróidh SUSI an fhaisnéis seo trí rochtain a fháil ar nasc leis an RCS. Sínigh do thoiliú sa bhosca thíos. Féach na nótaí tábhachtacha thíos le haghaidh tuilleadh faisnéise.

Toiliú an Duine

Toilím an fhaisnéis thuas a sholáthar do SUSI agus toilím do SUSI an fhaisnéis seo a phróiseáil chun sonraí na n-íocaíochtaí a fhaighim ón Roinn Coimirce Sóisialaí a fhíorú d'fhonn incháilitheacht an iarratasóra atá ainmnithe thuas a mheas chun an ráta deontais speisialta a fháil. Tuigim gur féidir liom mo thoiliú a tharraingt siar tráth ar bith.

Toiliú sínithe an Duine (a bhfuil a íocaíocht le breithniú)		**Dáta**

Síniú an larratasóra		**Dáta**

Tabhair ar aird le do thoil: Ní ghlacfaidh SUSI le foirmeacha nach bhfuil sínithe ag na páirtithe go léir. Beidh moilleanna mar thoradh air sin agus d'iarratas á phróiseáil.

Sonraí faoi ioncam na Roinne Coimirce Sóisialaí duine nach páirtí san Iarratas ar Dheontas

Cuid B (le comhlánú agus le stampáil ag an RCS)

Liúntas do Chleithiúnaí Linbh (CDA) / Liúntas do Chleithiúnaí Aosaigh (ADA) a fhíorú

D'fhonn sonraí an duine a n-íoctar ADA nó CDA ina leith (féach nótaí tábhachtacha thíos le haghaidh míniú breise) a fhíorú, éileoidh SUSI na sonraí seo a leanas a fhíorú ag an RCS.

UPSP an duine a n-íoctar ADA ina leith:		**Stampa na RCS agus Dáta**

UPSP an duine a n-íoctar CDA ina leith (i leith an iarratasóra)		**Stampa na RCS agus Dáta**

Más Íocaíocht do Teaghlaigh i bhFostaíocht an íocaíocht incháilithe arna coimeád, deimhnigh le do thoil go gcónaíonn an duine de ghnáth sa teaghlach céanna leis an tuismitheoir agus/nó leis an iarratasóir:
Cónaíonn **Ní Chónaíonn**

Nótaí tábhachtacha

Ba chóir an fhoirm seo a chomhlánú sa chás gur chuir tú (an t-iarratasóir) in iúl do SUSI go bhfuil duine i do theaghlach nach páirtí i d'iarratas ar dheontas é ach atá ag fáil íocaíochta ón Roinn Coimirce Sóisialaí a d'fhágfadh go mbeadh tú incháilithe don ráta speisialta deontais.

***Faoi Airteagal 19(7)(b) den Scéim Deontais do Mhic Léinn 2021 ba chóir gurb é an duine seo céile, páirtí sibhialta, nó comhchónaitheoir (ní do thuismitheoir) do thuismitheora (mar atá ainmnithe ar d'iarratas) agus caithfidh Liúntas do Chleithiúnaí Aosaigh a bheith san áireamh i leith do thuismitheora nó Liúntas do Chleithiúnaí Linbh i do leith féin.**

Le cur ar chumas SUSI an íocaíocht seo a chur san áireamh gheobhaidh SUSI rochtain ar thaifid na Roinne Coimirce Sóisialaí don duine seo, is gá an fhoirm seo a chomhlánú agus a sheoladh ar ais chuig SUSI. Ní mór sonraí an duine seo a bheith ann (Ainm, Seoladh, Dáta Breithe, UPSP). Teastaíonn toiliú sínithe an duine seo freisin.

Tabhair ar aird le do thoil chun na críche sin go bhféachfar ar GACH íocaíocht a fhaigheann an duine seo ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Níl íocaíochtaí RCS a dhéantar leis an duine sin ináirithe mar ioncam chun críocha d'iarratais, d'fhéadfadh go mbeadh tú incháilithe don ráta speisialta deontais má fhaigheann siad íocaíochtaí den sórt sin.

Tá sonraí faoi íocaíochtaí a d'fhéadfadh a fhágáil go mbeifeá incháilithe don ráta speisialta deontais liostaithe i Sceideal 2 den Scéim Deontais do Mhic Léinn 2021. Más mian leat do thoiliú a tharraingt siar seol ríomhphost le do thoil chuig sar@susi.ie agus aird an Oifigigh Chomhlíontachta a mharcáil. Cuir isteach uimhir iarratais SUSI, d'ainm agus mionsonraí gur mian leat do thoiliú a tharraingt siar.

Tabhair ar aird le do thoil: Ní ghlacfaidh SUSI le foirmeacha nach bhfuil sínithe ag na páirtithe go léir. Beidh moilleanna mar thoradh air sin agus d'iarratas á phróiseáil.